



An Bhruiséil, 4 Aibreán 2019
(OR. en)

7139/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0390(COD)**

**CODEC 593
VISA 54
PREP-BXT 84
COMIX 142
PE 61**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas - Toradh ar chéad léamh Parlaimint na hEorpa, (An Bhruiséil, 3 go dtí 4 Aibreán 2019)

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus an dearbhú comhpháirteach maidir le socrúithe praiticiúla i ndáil leis an nós imeachta comhchinnteoireachta¹, bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmeálta ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh.

¹ IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Claude MORALES (S&D, UK), thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus Gnóthaí Baile, leasú comhréitigh (leasú uimh 3) ar an togra le haghaidh Rialacháin. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin.

Ina theannta sin rinne 38 Feisire Eorpach ar a laghad leasú a chur síos (leasú 4).

II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach an leasú comhréitigh (leasú 3) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 4 Aibreán 2019 . Ní dhearnadh aon leasú eile a vótáil ná a ghlacadh. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo².

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhorghas.

Ansin, d'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

² Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le **cló trom agus cló iodálach** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "■".

Na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin a liostú, a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as AE *I**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas (COM(2018)0745 – C8-0483/2018 – 2018/0390(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0745),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 77(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C8-/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorhmeas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 2 Aibreán 2019 go ndéanfadh sí seasamh Parlaimint na hEorpa a fhorhmeas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0047/2019),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear **■ Rialachán (EU) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach³,

³ *Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019.*

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Chomhairle Eorpach go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). *An 21 Márta 2019, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3), ar choinníoll go ndéanfaidh Teach na dTeachtaí sa Ríocht Aontaithe an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach*⁴ ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') a fhormheas. *I gcás nach bhformheasann Teach na dTeachtaí sa Ríocht Aontaithe an Comhaontú um Tharraingt Siar, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach síneadh go dtí an 12 Aibreán 2019.*
- (2) Faoi Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (*CFAE*) agus Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, tá an ceart ag saoránaigh an Aontais gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena n-áirítear an ceart dul isteach *ar chríoch* na mBallstát gan víosa ná foirmiúlachtaí coibhéiseacha.

⁴ *IO C 66I, 19.2.2019, lch. 1.*

⁵ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaiigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoir 64/221/CEE, Treoir 68/360/CEE, 72/194/CEE, Treoir 73/148/CEE, Treoir 75/34/CEE, Treoir 75/35/CEE, Treoir 90/364/CEE, Treoir 90/365/CEE agus Treoir 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch 77).

- (3) De dheasca tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, scoirfidh na **Conarthaí** agus Treoir 2004/38/CE, **in éineacht leis an gceart dul isteach ar chríoch na mBallstát gan víosa ná foirmiúlachtaí coibhéiseacha**, d'fheidhm a bheith acu maidir le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar saoránaigh Bhriotanacha iad ■ . Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, an Ríocht Aontaithe a áireamh i gceann amháin de na hiarscríbhinní a ghabhann le ■ Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶. In Iarscríbhinn I, liostaítear na tríú tíortha **a bhfuil ar** a náisiúnaigh **víosa** a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha **na mBallstát dóibh** agus, in Iarscríbhinn II, liostaítear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin.
- (4) **Ní cuid den Ríocht Aontaithe é Giobráltar. De bhua Airteagal 355(3) CFAE amháin atá dlí an Aontais infheidhme maidir le Giobráltar a mhéid dá bhforáiltear in Ionstraim Aontachais 1972. Nuair a chuirfear an Ríocht Aontaithe le Cuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806, ní chumhdófar daoine is saoránaigh de chríocha Briotanacha thar lear a fuair a saoránacht de thairbhe nasc a bheith acu le Giobráltar. Dá bhrí sin, ba cheart Giobráltar a liostáil i dteannta críocha Briotanacha eile thar lear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.**

⁶ Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **14 Samhain 2018** lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 303, 28.11.2018, lch 39).

- (5) Na critéir ba cheart a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh **█**, ar bhonn measúnú cáis ar chás, cé na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa nó díolmhaithe ón gceanglas sin, leagtar síos iad in Airteagal **█** 1 de Rialachán *(AE) 2018/1806*. Áirítear ar na critéir sin inimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádáil choigríche, agus caidreamh seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhalartacht réigiúnach.
- (6) Ag cur san áireamh na gcritéir uile a liostaítear in Airteagal **█** 1 de Rialachán *(AE) 2018/1806*, is iomchuí náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe ar saoránaigh Bhriotanacha iad a dhíolmhú ón gceanglas víosa agus iad ag taisteal chuig críoch na mBallstát. I ngeall ar an ngaireacht gheografach, an nasc idir na geilleagair, an leibhéal trádála agus méid na ngluaiseachtaí gearrthéarmacha a dhéanann daoine idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas chun críocha gnó, áineasa nó eile, ba cheart, le taisteal gan víosa, an turasóireacht agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascú, rud a bheidh chun tairbhe an Aontais.

█

- (7) *Maidir le saoránaigh Bhriotanacha, ba cheart dá bhrí sin an Ríocht Aontaithe a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.*
- (8) *Tá an Rialachán seo bunaithe ar an tuiscint, ar mhaithe le dlúthchaidreamh a choimeád, go ndeonóidh an Ríocht Aontaithe cómhalartacht iomlán víosaí do náisiúnaigh na mBallstát uile. I gcás ina dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa isteach do náisiúnaigh Ballstáit amháin ar a laghad sa todhchaí, ba cheart feidhm a bheith ag an sásra cómhalartachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún gníomhú gan mhoill chun an sásra cómhalartachta a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go leanúnach ar urramú phrionsabal na cómhalartachta agus ba cheart dó Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach faoi fhorbairtí ar bith a d'fhéadfadh urramú an phrionsabail sin a chur i mbaol.*

- (9) Maidir leis an Íoslainn agus leis an **■** Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas **an dá thír sin ■** le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁷, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe B d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle⁸.

⁷ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁸ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch 31).

- (10) Maidir leis an *Eilvéis*, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhri an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích *idir* an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt⁹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointí (B) agus (C) d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle¹⁰.

⁹ IO L 53, 27.2.2008, lch 52.

¹⁰ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch 1).

- (11) Maidir le **L** Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt¹¹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointí (B) agus (C) d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle¹².

¹¹ IO L 160, 18.6.2011, lch 21.

¹² Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch 19).

- (12) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle¹³; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh ***an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.***
- (13) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle¹⁴; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (14) Is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

¹³ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch 43).

¹⁴ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch 20).

- (15) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá *tar éis an lae a scoirfidh* dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe.
- (16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán *(AE) 2018/1806* a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán *(AE) 2018/1806* mar a leanas:

(1) in Airteagal 6(2)]¹, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) gan dochar do na ceanglais a eascraíonn as an gComhaontú Eorpach maidir le Deireadh a chur le Viosaí do Dhídeanaithe *ó Chomhairle na hEorpa* a síníodh in Strasbourg ar an 20 Aibreán 1959, dídeanaithe aitheanta agus daoine gan stát agus daoine eile nach bhfuil náisiúntacht aon tíre acu agus a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus a bhfuil doiciméad taistil acu a d'eisigh Éire, ar doiciméad é a aithníonn an Ballstát lena mbaineann.";

(2) i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas isteach:

"An Ríocht Aontaithe (ach amháin na náisiúnaigh Bhriotanacha dá dtagraítear i gCuid 3)";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chuid 3 d'Iarscríbhinn II:

"NÁISIÚNAIGH BHRIOTANACHA NACH SAORÁNAIGH BHRIOTANACHA IAD";

(4) *i gCuid 3 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis na bhfocal "Daoine is saoránaigh de chríocha Briotanacha thar lear (BOTC)":*

"Áirítear sna críocha seo Anguilla, Beirmiúda, Críoch na Breataine san Antartach, Críoch na Breataine san Aigéan Indiach, Ógh-Oileáin na Breataine, Oileáin Cayman, Oileáin Fháclainne, Giobráltar, Montserrat, Pitcairn, San Héilin, Oileán na Deascabhála agus Trsitán da Cunha, an tSeoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas agus Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos.*

** Is coilíneacht de chuid Choróin na Breataine é Giobráltar. Tá conspóid ann idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe maidir le ceannasacht ar Ghiobráltar, críoch ar gá teacht ar réiteach ina leith i bhfianaise rúin agus cinntí ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe."*

Airteagal 2

I gcás ina dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe ceanglas víosa isteach do náisiúnaigh Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag an sásra cómhalartachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus na Ballstáit gan mhoill chun an sásra cómhalartachta a chur i bhfeidhm.

Airteagal 3

■ Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis an lae *a scoirfidh dlí an Aontais* d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe.

■ Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán
